

Mo Ghrá-Sa (Idir Lúibíní) - le Nuala Ní Dhomhnaill

POINTE, SAMPLA, BARÚIL (tuairim) : PSB

Nuair a dhéanann tú pointe, tacaigh (support) le línte ón dán. Mar shampla:

This is clear / evident in the following lines :

Feicimid é sin go gléineach san línte seo:"..."

Tá sé sin soiléir sna línte seo a leanas:"..."

Cuirtear an pointe sin abhaile orainn go héifeachtach anseo: "..."

Léirítear é sin go héifeachtúil sna línte seo:"..."

Cuir dath difriúil ar na línte ón téacs. (gorm / dubh)

Ná húsáid peann dearg / glas.

Téama / príomhsmoineamh / teachtaireacht (message) an dáin

1. Baineann an dán seo le grá gan chuntar (unconditional love) an fhile dá fear céile.
2. Ach ní grá rómánsúil é.
3. Déanann an file inbheartú (inverts) ar ghrá na bhfilí rómánsacha sa dán seo.
4. Níl a leannán cosúil le réaltóg scannán agus déanann Ní Dhomhnaill beag is fiú den áilleacht sheachtrach,
5. Ní fear dathúil é a fear, ach is cuma léi mar tá sé cneasta, cineálta, cabhrach.

Freagra forbartha (developed answer)

6. Tá an dán seo cosúil leis an dán le Shakespeare "My Mistress's Eyes are Nothing Like the Sun". Sa dá dhán, deirtear nach bhfuil an leannán dathúil, ach gur cuma leis an bhfile.
7. Tá greann le feiceáil nuair a thugann an file cur síos lom dúinn ar chuma a fir. B'fhéidir nach bhfuil sé cosúil le bláth ar bith. B'fhéidir go bhfuil a shúile róghar dá chéile. B'fhéidir go bhfuil a ghruaig cosúil le deilgne. " Ach, is cuma sin".
8. Níl na rudaí fisiciúla sin tábhachtach, mar tugann sé úlla agus caora finiúna di. Ceapaim siombail iad na torthaí seo do fhlaithiúlacht (generosity) an fhir agus don chaidreamh speisialta atá eatarthu.
9. Grá gan chuntar atá á léiriú go cinnte! Is í an easpa foirfeachta rún na háilleachta, gan amhras.
10. Chuaigh an téama seo i bhfeidhm go mór orm.

Mothúcháin:

1. Tá an dán seo, Mo ghrá-sa (idir lúibíní) breac le (full of) mothúcháin.
2. Tá sé soiléir nach bhfuil fuacht ná faitíos ar an bhfile seo, Nuala Ní Dhomhnaill, a cuid mothúchán a nochtadh trí mheán na filíochta.
3. Is iad grá agus áthas na mothúcháin atá chun tosaigh sa dán. Chuaigh siad i bhfeidhm go mór orm.
4. Feicimid grá / áthas go láidir sna línte seo....
5. Cinnte, déanann an file cur síos scigiúil (funny description) ar a fear céile, ach is cur síos réalaíoch (realistic) é. Mar a deir an seanfhocal; "Is maith an scathán súil charad".

Freagra Forbartha (developed answer)

6. De ghnáth, ní fheiceann leannán locht, ach feiceann an file seo lochtanna agus buanna a fir. É sin ráite, níl an aoir (satire) seo searbh ar chor ar bith.
7. Is léir go bhfuil an file sásta go maith lena fear, díreach mar atá sé.
8. Baineann sí úsáid as íomhánna cliste chun cur síos neamh-mhaoithneach a dhéanamh ar a grá.
9. Sa véarsa deireanach, deir sí go bhfuil sí sásta go dtugann sé torthaí di mar bhronntanas. Níl an file ag déanamh mugadh magadh dá fear.
10. Is amhlaidh go bhfuil sí ag tabhairt cuntais ionraic (giving an honest account) ar an gcaidreamh speisialta atá aici leis ach go bhfuil sí ag tabhairt léargais scigiúil air ag an am céanna.

Tuairim / Barúil / Ar thaitin an dán leat? Cén fáth?

1. Is aoibhinn liom an dán éadrom seo, mar tá sé thar a bheith greannmhar.
2. Níl baint ag fear an fhile le nóiníní, ach amháin go bhfásfaidh siad amach as a chluasa agus é curtha sa reilg.
3. Is léir go bhfuil féith an ghrinn ag an bhfile, agus tá súil agam gurbh amhlaidh dá fear! Feictear siombail iontach cliste sa véarsa deireanach. Thug Éabha úll d'Ádhamh sa Bhíobla, agus tugann an fear seo úlla don fhile.
4. B'fhéidir gur siombail den tsaoirse iad na caora finiúna. Saoirse mhothálach agus fhisiceach atá i gceist, dar liom féin. B'fhéidir go mbíonn sí súpach de bharr an ghrá.
5. Is léir go bhfuil caidreamh speisialta idir an file agus a fear céile.
6. Is fear nua-aimseartha é, agus tá meas aige ar a bhean chéile.
7. Murab ionann (unlike) agus an bheirt sa dán *Colscaradh* agus an lánúin in *Dís*, sásaíonn an lánúin seo mianta a chéile.

Is siombailí de chabhair, cairdeas
agus tacaíocht iad na húlla.
Is meafair iad na húlla do riachtanais
na beatha. (the necessities of life)



Tugann sé dom úllla

Is siombailí de ghrá fisiciúil agus rómánsaíocht iad
caora finiúna.
Is meafair iad na caora finiúna do shónna an tsaoil
(the luxuries of life)



Is nuair a bhíonn sé i ndeághiúmar, caora finiúna! 😊

My mistress' eyes are nothing like the sun (Sonnet 130)

William Shakespeare

My mistress' eyes are nothing like the sun;
Coral is far more red than her lips' red;
If snow be white, why then her breasts are dun;
If hairs be wires, black wires grow on her head.
I have seen roses damasked, red and white,
But no such roses see I in her cheeks;
And in some perfumes is there more delight
Than in the breath that from my mistress reeks.
I love to hear her speak, yet well I know
That music hath a far more pleasing sound;
I grant I never saw a goddess go;
My mistress when she walks treads on the ground.
And yet, by heaven, I think my love as rare
As any she belied with false compare.



bláth na n-airní

flower from the blackthorn
tree (sloe)

Ní dán grá traidisiúnta é *Mo Ghrá-sa* (idir lúibíní) seo ar chor ar bith. Is dán nua-aimseartha grá é. Is dán searbhasach (sarcastic) é chomh maith. Tá searbhas (sarcasm) le sonrú gach áit a fheicimid na lúibíní. Gan amhras, tugann na lúibíní úinéireacht le fios chomh maith. Is léir go bhfuil an file bródúil as a leannán fir.


Ar an drochuair, níl a grá cosúil leis an mbláth a fhásann ar an draighean (on the blackthorn tree). Deir Nuala Ní Dhomhnaill féin gur thóg sí an íomhá seo ón amhrán traidisiúnta Gaeilge 'An Draighneán Donn'. "Is tá mo ghrá-sa mar bhláth na n-úrne ar an droighneán donn" atá san amhrán traidisiúnta. A mhalairt ar fad atá fíor i gcás leannán Nuala: "Níl mo ghrá-sa mar bhláth na n-airní a bhíonn i ngairdín" a fhógraíonn sí go fórsúil ag tús an dáin.

Tuigimid, mar sin, ó chéad líne an dáin, nach dán grá coinbhinsiúnach atá i gceist anseo ar chor ar bith. Is amhlaidh go n-iompaíonn an file nua-aimseartha an fhoirmle thraidisiúnta bun os cionn. Luann an file an nóinín (daisy), bláth álainn fíneálta, ach dearbhaíonn sí (she states) nach mbeadh baint ar bith ag a grá-sa le háilleacht an bhlátha uasail sin. B'fhéidir, áfach, go bhfeicfí iad ag teacht amach as a chluasa.

"Is má tá aon ghaol aige le nóiníní / is as a chluas a fhásfaidh siad agus é ocht dtroigh síos"

Inbheartaítear an dán grá traidisiúnta gan dabht. Ceistíonn Nuala Ní Dhomhnaill na coinbhinsiúin, gan amhras ar bith. Níl a grágheal dathúil ná tarraingteach go fisiciúil ach tá sí i ngrá leis mar sin féin.

Tugann Nuala Ní Dhomhnaill dhá thraidisiún le chéile sa dán mar atá traidisiún na hamhránaíochta Gaeilge agus traidisiún na bhfilí rómánsacha Béarla. Dathaíonn Ní Dhomhnaill scigphictiúr dá fear céile ag rá linn go bhfuil a shúile róchóngarach dá chéile.



"Ní haon ghlaise cheolmhar iad a shúile /
táid róchóngarach dá chéile / ar an gcéad dul síos."

Ina theannta sin, tá a ghruaig cosúil le sreang dheilgneach. Go deimhin, rinne Shakespeare an chomparáid éifeachtach chéanna idir gruag a ghrá agus 'wire' i soinéad 130.

If hairs be wires, black wires grow on her head	"Agus más slim é síoda / Tá ribí a ghruaige (mar bhean dhubh Shakespeare) / Ina wire deilgní..."
--	--

Is iomaí íomhá a ghacann Ní Dhomhnaill chuici féin ó dhánta eile. Tugtar idirthéacsúlacht (intertextuality) ar an teicníc seo. Tá an t-uafás idirthéacsúlachta le feiceáil ar fud shaothar Ní Dhomhnaill.